

Uasdátú ar an Tionscadal Ríomh-Mhol Gaeltachta do mhí na Samhna 2018

An Chéim Réamh-Phíolótach

- *Tionscadal Píolótach ar ríomh-Mhol trí mheán na Gaeilge – Athbhreithniú Idirnáisiúnta agus Tuarascáil Chomhairleach* foilsithe Bealtaine 2018.
- Beirt r-mhúinteoirí roghnaithe le tosú ag obair i mí Mheán Fómhair 2018: Séamus Ó Bric ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne, agus Mícheál Ó Marcacháin ó Choláiste na Coiribe.
- Iarratas ar Thairiscintí ar Sheirbhísí Comhairleacha agus Comhordaithe mar thaca le Feidhmiú an Tionscadail Píolótaigh R-Mhol foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Lúnasa 2018.
- Bronnadh an tairiscint ar H2 Learning i mí Dheireadh Fómhair 2018.
- Tá H2 Learning tosaithe ag obair leis an mbeirt r-Mhúinteoirí. Tá an obair seo dírithe ar an gcur chuige oideolaíoch mar atá molta sa tuarascáil agus cuidiú leis na múinteoirí comhoibriú le chéile ar mhodúl Fisice don Idirbhliain a fhorbairt agus ar chúrsa iomlán Fisice don Ardeistiméireacht.
- Cruinnithe uair sa tseachtain ar bun leis na múinteoirí tríd an bhfíschomhdháil chun ábhar agus modheolaíochtaí don bhFisic Ardeistiméireachta a phleanáil agus a mheas.
- Tá *Domhantarraingt* agus *Dlús* aitheanta ag na múinteoirí mar bhlasmodúl Fisice don Idirbhliain a mhairfidh 5 seachtaine, ina mbeidh 15 cheacht.
- Ceachtanna trialacha curtha ar bun le scoláirí ina scoileanna féin (Pobalscoil Chorca Dhuibhne & Coláiste na Coiribe) i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2018. Thug an tréimhse thrialach seo deis do na múinteoirí agus dá scoláirí triail a bhaint as an ábhar agus an gcur chuige i suíomh beo.

Forbairt Ghairmiúil Múinteoirí

- Lena chur ar chumas na múinteoirí comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh, tá siad ag baint úsáide as [Microsoft Teams](#), uirlis chomhoibrithe ar líne mar thaca le hacmhainní a roinnt agus Zoom chun ceachtanna beo ar líne a éascú.
- Tá na r-Mhúinteoirí ag comhoibriú le múinteoirí Fisice ar líne sa Nua Shéalainn, Ceanada, san Astráil agus in Albain.
- Tá na r-Mhúinteoirí ag foghlaim an chaoi le gníomhaíochtaí spéisiúla Fisice ar líne a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.
- Ón taithí a bheidh le fáil acu ar na ceardlanna ar líne, leanfaidh na r-Mhúinteoirí ar aghaidh lena gcuid scileanna oideolaíochta agus teicniciúla a fhorbairt tuilleadh. Bainfidh siad úsáid as sraith de threoirlínte múinteoirí atá forbartha chun tacú le heagraíochtaí cuir chuige foghlaim chumaisc a chur i bhfeidhm i scoileanna.

Trealamh r-Mhol Scoile

- Cuireadh maoiniú ar fáil don dá scoil r-Mhol chun spás speisialta a chur ar fáil don tionscadal. Ceannaíodh an trealamh seo a leanas do gach ceann den dá scoil:
 - Ríomhaire Pearsanta le monatóir scáileán-tadhail
 - Monatóir réscáileáin crochta ar an mballa
 - Táibléad r-Mhúinteora

- Ceamara gréasáin físchomhdhála
- Fuaim barrdeisce físchomhdhála
- Amharcléiritheoir

Léiriú Spéise do na Blasmhodúil Idirbhliana

- Tabharfar cuireadh do na scoileanna atá páirteach sa *Scéim Aitheantais Scoil Ghaeltachta* léiriú spéise a chur in iúl, faoi Nollaig 2018, maidir le bheith páirteach sa Bhlasmhodúil Fisice don Idirbhliain a bheidh á chur ar fáil i mí Eanáir/Feabhra 2019.